

Fuaim curtha le logainmneacha Chontae Ard Mhacha ar logainm.ie

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 264 logainm i gContae Ard Mhacha. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na mbailte, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Pádraigín Ní Uallacháin as Oiriaila a chuir fuaim le logainmneacha Chontae Ard Mhacha. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha ó na 26 chontae ó 2015 i leith agus cuireadh fuaim le Co. Aontroma agus Co. an Dúin ó shin. Táthar ag súil go gcuirfidh na comhaid fuaime seo treoir d'fhuaimniú áitiúil na logainmneacha ar fáil do thaighdeoirí agus don phobal ar aon.

Rinne Gaois (Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU) an obair seo i gcomhpháirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán) agus leis an Tionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann (Ollscoil na Banríona, www.placenamesni.org).

Is suíomh gréasáin é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar os cionn 126,500 ceantar, baile, sráid agus postoifig ar fud na tíre ar fáil don phobal. Tagann suas le 40,000 cuairteoir sa mhí chuig an suíomh seo.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí, agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise chomh maith do dhaoine ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Leantar den obair ar www.logainm.ie agus cuirtear tuilleadh logainmneacha agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh ar bhonn leanúnach. Tá an bunachar logainmneacha féin á athdhearadh i mbliana.

Nóta d'eagarthóirí:

Tá logainm.ie agus meitheal.logainm.ie á bhforbairt ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Tuilleadh eolais ar fáil ó logainm@dcu.ie nó (01) 700 6577.